
Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council




# GRADAIM AN CHATHAOIRLIGH

# 2023

## Leabhrán Eolais

*Is é Dé hAoine an 26 Eanáir an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán.*

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2023 - 2024, an Comhairleoir Michael Loftus




Tá Gradaim an Chathaoirligh anois ar cheann de mhórócáidí na bliana de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Feicim an fás atá tagtha air le dhá bhliain anuas agus táim ag súil go mór leis an gcéad searmanas bronnta eile a bheidh againn.

Tá sé mar phribhléid shaolta agam a bheith i mo Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus is mór an onóir dom a bheith in ann aitheantas a thabhairt do na daoine sin a dhéanann obair den chéad scoth chun feabhas a chur ar a bpobal féin ar fud an Chontae.

## SA LEABHRÁN SEO


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | Leathanach 1 – 3 |
| Sonraí na nGradam | Leathanach 4 – 8 |
| Treoir d’Iarratasóirí | Leathanach 9 – 16 |
| Ceisteanna agus Iarratais | Leathanach 16 |


Léigh an treoir seo go cúramach más maith leat iarratas a chur isteach.

Is é **Dé hAoine an 26 Eanáir** an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán.

# Eolas Ginearálta

Tá gníomhaíocht phobail agus obair dheonach ag dul ó neart go neart i Maigh Eo. Tá sé fíorthábhachtach go ndéantar comóradh orthu siúd a oibríonn ar ár son agus go n-aithníonn muid an chaoi dtéann a gcuid iarrachtaí chun sochair dúinn.

Is cúis mhór áthais é do Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar sin, ainmniúcháin a iarradh le haghaidh an tríú bliain de Ghradaim an Chathaoirligh.

## I. CÉARD IAD GRADAIM AN CHATHAOIRLIGH?

Le Gradaim an Chathaoirligh, déantar comóradh ar na grúpaí iomadúla a bhíonn ag obair leo go ciúin le go mbeadh ár bpobail níos láidre, níos bríomhaire agus níos cineálta. Daoine eisceachtúla iad seo a spreagann muid le páirt ghníomhach a ghlacadh inár bpobal féin.

Is iomaí duine atá ag obair ar ár son, gan aitheantas poiblí, i ngach aon chearn de Chontae Mhaigh Eo. Tá gach saghas duine i gceist a bhfuil suimeanna agus cúlraí éagsúla acu. Mar sin féin tá rud amháin i gcoiteann acu: oibríonn siad go dian dícheallach agus go deonach chun saol daoine eile a fheabhsú.

Tá an próiseas ainmniúcháin oscailte anois agus cuireann muid fáilte romhat ainmniúchán a chur isteach dóibh siúd a bhfuil aitheantas tuilte acu as an obair a dhéanann siad ar ár son.

## II. CÉARD IAD NA DUAISEANNA ATÁ AR FÁIL?

Bronnfar trófaí coimisiúnaithe, a rinneadh i Maigh Eo, ar gach buaiteoir chomh maith le duais airgid le caitheamh ar obair sa phobal.

## III. CÉN CHAOI AR FÉIDIR LIOM AINMNIÚCHÁN A DHÉANAMH?

Úsáidtear an fhoirm ainmniúcháin chéanna le haghaidh gach gradaim. Léigh an treoir seo go cúramach sula gcuireann tú iarratas isteach.

- Deimhnigh ar leathanach 1 go bhfuil an Ráiteas Cosanta Sonraí léite agat.
- Sonraigh catagóir an ghradaim ag barr na Foirme Ainmniúchán. **Ní féidir duine ná grúpa a ainmniú ach faoi chatagóir amháin.**
- Ba cheart eolas faoin ainmní agus faoin ainmneoir a chur ar **leathanach 3**.
- Tabhair na cúiseanna atá leis an ainmniúchán ar **leathanaigh 4 - 6**.

- **Féadfar ceithre ghrianghraf ar ardchaighdeán (high-res) agus físeán gearr a chur isteach chun tacú le d'iarratas.**
- Is é **Dé hAoine an 26 Eanáir** an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

**Seoltar Foirmeacha Ainmniúcháin tríd an bpost chuig an Rannóg Cumarsáide, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo F23 WF90 nó ar ríomhphost chuig communications@mayococo.ie roimh Dé hAoine an 26 Eanáir 2023.**

## IV. GEARRLIOSTA AGUS MOLTÓIREACHT

Déanfaidh painéil a mbeidh saineolaithe agus oifigigh de chuid na Comhairle Contae orthu na hainmniúcháin a scrúdú.

Tabharfar cuireadh do na daoine agus na grúpaí uile a bheidh ar an ngearrliosta teacht chuig Searmanas Bronnta Ghradaim an Chathaoirligh ag a bhfógrófar na buaiteoirí.

## V. AN BHFUIL AON TÉARMA NO COINNÍOLL EILE LE CUR SAN ÁIREAMH?

**Gabhann cúpla coinníoll simplí leis na gradaim:**

- Seachas i gcás Ghradam an Diaspóra, ba cheart d'ainmnithe a bheith ina gcónaí i Maigh Eo nó i mbun ghníomhaíochtaí an ghradaim i Maigh Eo
- Cé gur féidir le grúpaí féinainmniúcháin a dhéanamh, ní féidir le daoine iad féin a ainmniú.
- Cuir an t-ainmní ar an eolas sula gcuireann tú isteach an t-ainmniúchán.
- Ní ghlacfar le hainmniúcháin nach ndéantar ar an bhfoirm ainmniúcháin. Is gá í a chomhlánú ina hiomláine, a shíniú agus a chur isteach roimh an 13 Eanáir 2023. Seoltar foirmeacha chuig an Rannóg Cumarsáide, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo nó ar ríomhphost chuig communications@mayococo.ie
- Caithfear an Ráiteas Cosanta Sonraí ar leathanach 1 den Fhoirm Ainmniúcháin a chomhlánú.
- Dícháileofar ainmniúcháin má bhíonn stocaireacht i gceist.

## NA GRADAIM

Seo a leanas na catagóirí atá oscailte le haghaidh ainmniúchán. Tabhair faoi deara go bhfuil fochatagóirí ann i gcuid de na gradaim, mar sin, bí cinnte go bhfuil an catagóir agus an fochatagóir ceart roghnaithe agat.

| | Catagóir | Fochatagóir |
|---|---|---|
| 1. | Foilseachán a bhaineann le Contae Mhaigh Eo | Foilseachán ó Fhoilsitheoirí Tráchtala<br>Foilseachán ó Ghrúpaí Pobail |
| 2. | Obair ar son na hOidhreachta agus na Bithéagsúlachta Áitiúla | Obair ar son na hOidhreachta Áitiúla<br>Obair ar son na Bithéagsúlachta agus na hOidhreachta Nádúrtha |
| 3. | Obair ar son an Phobail | Gaisce ar son an Phobail<br>Tionscadal don Ionchuimsitheacht Shóisialta |
| 4. | Turasóireacht Phobail | |
| 5. | Gradaim Chomhshaoil | 5(a) Pobal Glas na Bliana<br>5(b) Tionscnaimh Chomhshaoil: Fuinnimh agus Taisteal<br>5(c) Tionscnaimh Chomhshaoil: Athúsáid, Dramhaíl agus Bruscar |
| 6. | Obair ar son na nEalaíon i Maigh Eo | |
| 7. | Cothú agus cur chun cinn na Gaeilge | 7(a) Sa Ghaeltacht<br>7(b) Taobh Amuigh den Ghaeltacht |
| 8. | Obair chun leasa an Diaspóra | |

Tá  cur síos ar na gradaim féin le fáil faoi 'Sonraí na nGradam' thíos.

# SONRAÍ NA nGRADAM

## 1. FOILSEACHÁIN A BHAINEANN LE CONTAE MHAIGH EO (2 GHRADAM)

**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí)**

Bronntar an gradam seo ar an leabhar is fearr a phléann le gné ar bith den saol i Maigh Eo. Áirítear leis sin foilseacháin a bhaineann leis an oidhreacht agus an stair áitiúil, beathaisnéisí agus dírbheathaisnéisí, béaloideas agus traidisiúin, stair nádúrtha, spórt, leabhráin áitiúla, agus aon ghné eile den saol sa chontae. Glactar le hainmniúcháin ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí agus ó phobail. Ní ghlactar le hainmniúchán a bhaineann le saothair ficsin, filíochta ná drámaíochta.

**Is féidir iontrálacha a bheith i mBéarla nó í nGaeilge.**

Glactar le saothair a foilsíodh idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023.

Is gá dhá chóip den fhoilseachán a chur isteach leis an bhfoirm ainmniúcháin.

Bronnfar dhá ghradam ar leithligh le haghaidh:

1(a) Foilseacháin ó Fhoilsitheoirí Tráchtala
1(b) Foilseacháin ó Ghrúpaí Pobail

## 2. OBAIR AR SON NA hOIDHREACHTA AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA ÁITIÚLA (2 GHRADAM)

### OBAIR AR SON NA HOIDREACHTA ÁITIÚLA

**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí)**

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don obair atá déanta ag grúpaí nó daoine aonair chun oidhreacht chultúrtha, seandálaíochta nó tógtha Mhaigh Eo a chothú, a bhainistiú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Leis an ngradam seo, comórtar:

- modhanna agus tionscnaimh nuálacha a nascann pobail lena n-oidhreacht, a chuireann bainistíocht ghníomhach na hoidhreachta chun cinn agus a chothaíonn meas agus tuiscint ar an oidhreacht i measc an phobail
- cur i bhfeidhm an dea-chleachtais oidhreachta i mbainistiú suíomhanna, bailiúchán agus earraí

- iarrachtaí agus gníomhaíochtaí a fhéachann le hinmharthanacht gné nó struchtúir oidhreachta a chaomhnú
- obair chun eolas oidhreachta a chruinniú trí mheán taighde nó bailiú sonraí.

**Ní dhéanfar moltóireacht ar fhoilseacháin don ghradam seo.**

### 2(b) OBAIR AR SON NA BITHÉAGSÚLACHTA AGUS NA hOIDHREACHTA NÁDÚRTHA

**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí)**

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don obair atá déanta ag grúpaí nó daoine aonair chun oidhreacht nádúrtha nó bithéagsúlacht Mhaigh Eo a chothú, a bhainistiú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Leis an ngradam seo, comórtar:

- modhanna agus tionscnaimh nuálacha a nascann pobail leis an mbithéagsúlacht, a chuireann bainistíocht ghníomhach na bithéagsúlachta chun cinn agus a chothaíonn meas agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht i measc an phobail
- cur i bhfeidhm an dea-chleachtais i mbainistiú suíomhanna oidhreachta nadúrtha agus bithéagsúlachta.
- obair chun eolas oidhreachta a chruinniú trí mheán taighde nó bailiú sonraí.

**Ní dhéanfar moltóireacht ar fhoilseacháin don ghradam seo.**

## 3. OBAIR AR SON AN PHOBAIL(2 GHRADAM)

### 3(a) Gaisce ar son an Phobail

**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo do ghrúpaí pobail a léiríonn inspreagadh, ceannaireacht agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí ina gcothaítear spiorad an mheithil agus a théann chun sochair don phobal trí chéile.

### 3(b) Tionscadal don Ionchuimsitheacht Shóisialta

**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Is éard atá i gceist leis an ionchuimsiú pobail go dtugtar deis do chuile dhuine a bheith páirteach i saol an phobail. Tugtar aitheantas leis an nGradam seo do ghrúpaí a neartaíonn pobail áitiúla, a mhéadaíonn líon na ndaoine atá páirteach sa phobal, agus a chuireann imeachtaí ionchuimsithe shóisialta chun cinn trína gcuid gníomhaíochtaí.

## 4. TURASÓIREACHT PHOBAIL

**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Tugtar aitheantas leis an nGradam Turasóireachta Pobail don obair a dhéanann grúpaí deonacha nó fiontair shóisialta chun eispéaras cuairteoirí i Maigh Eo a fheabhsú.

Leis an ngradam seo tabharfar aitheantas do thionscnaimh a chuireann le heispéireas cuairteoirí nó lena gcuirtear fearadh na fáilte roimh chuairteoirí chuig bailte nó ceantair thuaithe Mhaigh Eo. Áirítear leis sin:

- tionscnaimh chomhpháirtíochta idir áiteanna éagsúla sa Chontae
- obair chun sceideal seasmhach imeachtaí agus féilte a chinntiú le linn na bliana ar fad
- ábhair spéise, gníomhaíochtaí nó féilte nua agus nuálacha
- comhoibriú le soláthróirí turasóireachta agus fáilteachais chun seirbhísí nasctha ar ardchaighdeán a chinntiú do chuairteoirí.

## 5. GRADAIM CHOMHSHAOIL (3 GHRADAM)

**Catagóir A – Pobal Glas na Bliana**
Tugtar aitheantas leis an ngradam seo do phobail agus eagraíochtaí deonacha a bhfuil tionscnaimh curtha ar bun acu a bhfuil baint acu le roinnt téamaí comhshaoil éagsúla.
**Catagóir B – Tionscnaimh Chomhshaoil: Fuinneamh agus Taisteal**
Tugtar aitheantas leis seo do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha a bhfuil tionscnaimh curtha ar bun acu chun astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar agus le fuinneamh a laghdú.
**Catagóir C - Tionscnaimh Chomhshaoil: Athúsáid, Dramhaíl agus Bruscar**
Tugtar aitheantas leis seo do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha a chuireann athúsáid chun cinn agus a oibríonn chun a bpobal a choinneáil glan.

**Tabhair faoi deara: ní féidir ainmniúchán a dhéanamh ach le haghaidh ceann amháin de na catagóirí thuasluaite.**

Is gá go mbeadh an grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Is féidir clárú ag https://mayoppn.ie/join-mayo-ppn.

### POBAL GLAS NA BLIANA

**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don obair a dhéanann grúpaí pobail chun an timpeallacht a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú sna 5 réimse seo a leanas:

Bithéagsúlacht agus Gnáthóga Nádúrtha, Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Uisce, Iompar, Dramhaíl, Athúsáid agus Teagmháil leis an bPobal.

### TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL FUINNEAMH AGUS TAISTEAL
**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo do thionscnaimh fuinnimh agus taistil. Tá an gradam seo oscailte do ghrúpaí pobail agus deonacha a bhfuil tionscnaimh déanta acu chun astaíochta fuinnimh agus taistil sa phobal a laghdú.

### TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL ATHÚSÁID, DRAMHAÍL AGUS BRUSCAR
**(Grúpaí amháin. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Is féidir le grúpaí pobail agus eagraíochta deonacha a chuireann athúsáid chun cinn agus a choinníonn a gceantar glan cur isteach ar an ngradam seo.

Cuimsíonn athúsáid deisiú, bruscar a sheachaint nó a laghdú, agus feidhmeanna nua a bhaint as earraí éagsúla. Leis sin, sábhálann muid acmhainní nadúrtha, cosnaíonn muid gnáthóga agus laghdaíonn muid truailliú.

## 6. OBAIR AR SON NA nEALAÍON I MAIGH EO
**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Tugtar aitheantas leis an nGradam seo don obair a dhéanann daoine aonair agus grúpaí deonacha áitiúla chun na hEalaíona a chothú agus a chur chun cinn sa phobal. Áirítear iad siúd:

- a thapaíonn an deis i gcónaí na hEalaíona a chur chun cinn sa phobal
- a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh lena spreagtar suim an phobail sna hEalaíona
- a bhfuil baint nó a raibh baint acu i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh ina gcuirtear cleachtas na nEalaíon agus eolas agus feasacht ar na healaíona chun cinn
- a bhfuil baint nó a raibh baint acu i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh a fhéachann le caighdeáin a fheabhsú sna hEalaíona.

## 7. COTHÚ AGUS CUR CHUN CINN NA GAEILGE (2 GHRADAM)
**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Féach 'Treoir d'Iarratasóirí' le haghaidh tuilleadh eolais)**

Leis na gradaim seo, déantar comóradh orthu siúd a thapaíonn gach deis an Ghaeilge a chur chun cinn i Maigh Eo.

Ina measc sin áirítear grúpaí agus daoine aonair:
- A eagraíonn tionscnaimh, féilte nó imeachtaí ina gcuirtear úsáid na Gaeilge chun cinn

- A chothaíonn feasacht agus tuiscint ar an nGaeilge i measc an phobail
- A thugann cosaint do sheachadadh na Gaeilge mar theanga dhúchais.

Bronnfar dhá ghradam ar leithligh ar iarratasóirí atá:

(i) Ionnaithe sa Ghaeltacht.
(ii) Ionnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht.

## 8. OBAIR CHUN LEASA AN DIASPÓRA

**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí)**

Bronntar an gradam seo ar ghrúpa nó ar dhuine, atá lonnaithe thar lear de ghnáth, a chuireann cás agus leas mhuintir Mhaigh Eo chun cinn, nó atá bainteach le feachtas thar sáile. Is iomaí duine ar fud an domhain de dhúchas Mhaigh Eo agus is deis í seo ceiliúradh a dhéanamh ar n-éachtaí siúd, sa bhaile.

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don díograis agus tiomantas a léiríonn an pobal sin, nach dtugtar faoi deara ar uairibh. Sárdheis atá anseo caidreamh a chothu lenár nDiaspóra ar fud na cruinne.

Is baill de Chumainn Mhaigh Eo a bheidh sna hainmnithe de ghnáth ach féadfaidh daoine nó grúpaí ainmniúcháin a dhéanamh.

# *TREOIR d'IARRATASÓIRÍ*

## OBAIR AR SON NA hOIDHREACHTA AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA ÁITIÚLA (2 GHRADAM)

**(Glactar le hainmniúcháin do ghrúpaí agus do dhaoine aonair)**

**Tugtar aitheantas sa chatagóir seo d'iarrachtaí agus éachtaí atá déanta ag daoine aonair agus ag grúpaí chun an oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.**

Go bunúsach, is í ár n-oidhreacht an méid atá faighte againn ón am atá imithe thart, ar féidir linn fiúntas agus taitneamh a bhaint aisti san am i láthair, agus a chaomhnóidh muid agus a thabharfaidh muid ar aghaidh chuig glúnta amach anseo. Is éard atá inti ná an **oidhreacht inbhraite** – ár suíomhanna stairiúla, foirgnimh, séadchomharthaí, earraí i músaeim, déantáin agus cartlanna; an **oidhreacht nádúrtha** – ár n-aibhneacha agus lochanna, tírdhreacha, coillearnach, portaigh, ardtailte, fiadhúlra dúchasach, feithidí, plandaí, crainn, éin agus ainmhithe; agus an **oidhreacht dholáimhsithe** – ár nósanna, spóirt, béaloideas, ceardaíocht, scileanna agus traidisiúin.

Is féidir le grúpa oidhreachta nó bithéagsúlachta ainmniúchán a chur isteach, nó is féidir le daoine aonair daoine eile nó grúpaí oidhreachta nó bithéagsúlachta a ainmniú.

Cuimhnigh ar an méid seo agus ainmniúchán á dhéanamh agat:
- Bí cinnte go gcuireann tú an té nó an grúpa atá á ainmniú agat ar eolas faoin ainmniúchán.

**Déan cur síos ar an obair atá déanta ag an ainmní chun an oidhreacht nó an bhithéagsúlacht a chur chun cinn sa phobal.**

## GAISCE AR SON AN PHOBAIL

**Tugtar aitheantas leis an ngradam seo do ghrúpaí pobail a léiríonn inspreagadh, ceannaireacht agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí ina gcothaítear spiorad an mheithil agus a théann chun sochair don phobal trí chéile.** Ní féidir ach grúpaí iarratas a dhéanamh.

Bíodh an méid seo san áireamh san iarratas:

### EOLAS FAOIN nGRÚPA ATÁ Á AINMNIÚ AGAT
- Is gá go mbeadh an grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Is féidir clárú ag https://mayoppn.ie/join-mayo-ppn.
- Luaigh eolas faoi bhallraíocht an ghrúpa. Cén chaoi a ndéanann sé ionadaíocht ar an bpobal?

- Cén fhad atá an grúpa ar an bhfód?
- Cé mhéad ball atá sa ghrúpa?
- Céard iad cuspóirí an ghrúpa? Cén fáth ar bunaíodh é?
- An nglactar le baill nua?
- An oibríonn an grúpa le haon ghrúpa, eagraíocht nó gníomhaireacht eile chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach?
- Céard iad luachanna an ghrúpa?

### AN POBAL

- Déan cur síos gairid ar an bpobal a ndéanann an grúpa ionadaíocht air i.e. sonraí deimeagrafacha, más ceantar tuaithe nó uirbeach é srl.
- Cén chaoi a spreagann an grúpa an pobal le páirt a ghlacadh ina chuid gníomhaíochtaí?
- Céard iad na tionscnaimh a reáchtáil an grúpa a spreag rannpháirtíocht ón bpobal?
- Cén chaoi a bhfuil gníomhaíochtaí an ghrúpa tar éis dul i bhfeidhm ar an gceantar?
- Céard iad na torthaí dearfacha tábhachtacha atá baintE amach ag an ngrúpa sa phobal agus cén chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an bpobal ar bhealach dearfach?

### TIONSCADAIL SAN AM ATÁ CAITE AGUS AMACH ANSEO

- Luaigh samplaí sonracha de thionscadail a raibh baint ag an ngrúpa leo.
- Tabhair samplaí den mhéid atá bainte amach ag an ngrúpa agus aon tionscadal a cuireadh i gcrích trí úsáid a bhaint as deontas nó tiomsú airgid.
- Céard iad na tionscadail a bhfuil an grúpa ag obair orthu anois, nó atá ar intinn ag an ngrúpa a dhéanamh amach anseo?
- Cuir doiciméid agus grianghraif leis an iarratas chun tacú leis.

## TIONSCADAL DON IONCHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA

**Is éard atá i gceist leis an ionchuimsiú pobail go dtugtar deis do chuile dhuine a bheith páirteach i saol an phobail. Tugtar aitheantas leis an nGradam seo do ghrúpaí a neartaíonn pobail áitiúla, a mhéadaíonn líon na ndaoine atá páirteach sa phobal, agus a chuireann imeachtaí ionchuimsithe shóisialta chun cinn trína gcuid gníomhaíochtaí.** Ní féidir ach grúpaí iarratas a dhéanamh.

Bíodh an méid seo san áireamh san iarratas:

### EOLAS FAOIN NGRÚPAÍ ATÁ Á AINMNIÚ AGAT

- Is gá go mbeadh an grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Is féidir clárú ag https://mayoppn.ie/join-mayo-ppn.
- Luaigh eolas faoi bhallraíocht an ghrúpa. Cén chaoi a ndéanann sé ionadaíocht ar an bpobal?

- Cén fhad atá an grúpa ar an bhfód?
- Cé mhéad ball atá sa ghrúpa?
- Céard iad cuspóirí an ghrúpa? Cén fáth ar bunaíodh é?
- An nglactar le baill nua?
- An oibríonn an grúpa le haon ghrúpa, eagraíocht nó gníomhaireachtaí eile chun a chuid cuspóirí a bhaint amach?
- Céard iad luachanna an ghrúpa?

### AN POBAL

- Déan cur síos gairid ar an bpobal a ndéanann an grúpa ionadaíocht air i.e. sonraí deimeagrafacha, más ceantar tuaithe nó uirbeach é srl.
- Cén riachtanas atá ann sa phobal a ndeachaigh an grúpa i ngleic leis?
- Céard iad na torthaí dearfacha tábhachtacha atá baint amach ag an ngrúpa sa phobal agus cén chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an bpobal ar bhealach dearfach?

### TIONSCADAIL SAN AM ATÁ CAITE AGUS AMACH ANSEO

- Luaigh samplaí sonracha de thionscadail a raibh baint ag an ngrúpa leo.
- Tabhair samplaí den méid atá bainte amach ag an grúpa agus aon tionscadal a cuireadh i gcrích trí úsáid a bhaint as deontas nó tiomsú airgid.
- Céard iad na tionscadail a bhfuil an grúpa ag obair orthu anois, nó atá ar intinn ag an ngrúpa a dhéanamh amach anseo?
- Cén chaoi a neartaítear an caidreamh idir daoine éagsúla sa phobal le obair an ghrúpa seo?
- Céard iad na tionscadail atá déanta ag an ngrúpa seo chun an Ionchuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn?
- Cuir doiciméid agus grianghraif leis an iarratas chun tacú leis.

## TURASÓIREACHT PHOBAIL

**Tugtar aitheantas leis an nGradam Turasóireachta Pobail don obair a dhéanann grúpaí deonacha nó fiontair shóisialta chun eispéaras cuairteoirí i Maigh Eo a fheabhsú.**

Tabharfar aitheantas leis an ngradam d'aon cheann de na gníomhaíochtaí seo:

- Thionscnaimh a chuireann le heispéireas cuairteoirí nó lena gcuirtear fearadh na fáilte roimh chuairteoirí chuig bailte nó ceantair thuaithe Mhaigh Eo. Thiocfadh le hambasadóir bailte nó sráidbhailte, seirbhísí feabhsaithe treoraithe do chuairteoirí, seirbhísí nua turasóireachta srl a bheith i gceist leis seo.
- Tionscnaimh chomhpháirtíochta idir áiteanna éagsúla sa Chontae, lena n-áiritear tionscnaimh chros-dhíolacháin, forbairt táirgí agus margaíocht a dhéantar ar bhonn uile-chontae. srl.
- Obair chun sceideal seasmhach imeachtaí agus féilte a chinntiú le linn na bliana ar fad, a bhfuil béim ar leith iontu ar imeachtaí sna séasúir chiúine.

Comhoibriú le soláthróirí turasóireachta agus fáilteachais chun seirbhísí nasctha ar ardchaighdeán a chinntiú do chuairteoirí. Samplaí comhoibrithe is ea crosdíol, nó pacáistí a chur le chéile chun éascaitheacht, éispéiris agus luach airgid a fheabhsú.

## GRADAIM CHOMHSHAOIL (3 GHRADAM)

**Is gá go mbeadh an grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail chun ainmniúchán a fháil. Is féidir clárú ag www.mayoppn.ie/join-mayo-ppn.**

## GRÚPA POBAIL GLAS NA BLIANA

**(Grúpaí amháin)**

**Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don obair a dhéanann grúpaí pobail chun an timpeallacht a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú sna 5 réimse seo a leanas: Bithéagsúlacht agus Gnáthóga Nádúrtha, Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Uisce, Iompar, Dramhaíl, Athúsáid agus Teagmháil leis an bPobal.**

Mínigh, le do thoil, an méid atá bainte amach ag an ngrúpa faoi na cúig théama seo, **go háirithe sna 12 mhí atá imithe thart**. Ná scríobh níos mó ná 250 faoi aon cheann de na ceannteidil seo.

I. **Bithéagsúlacht agus gnáthóga nádúrtha**: gníomhaíochtaí atá déanta ag an ngrúpa ainmnithe le déanaí chun bithéagsúlacht a chaomhnú, acmhainní bitheolaíochta a úsáid ar bhealach inmharthana nó chun gnáthóga nádúrtha a fheabhsú

II. **Éifeachtúlacht fuinnimh agus uisce**: an méid atá déanta ag an ngrúpa chun éifeachtúlacht fuinnimh nó uisce a fheabhsú

III. **Iompar** - Tionscnaimh iompair atá curtha ar bun ag an ngrúpa, mar shampla, chun trácht a laghdú, níos mó feithiclí leictreonacha a úsáid, nó aon ghníomh eile a shábhálann breosla nó a laghdaíonn astaíochtaí $CO_2$.

IV. **Dramhaíl agus athúsáid**: na gníomhartha atá déanta chun dramhaíl a laghdú agus a athchúrsáil sa phobal.

V. **Caidreamh leis an bpoba**l: an teagmháil atá déanta ag an ngrúpa leis an bpobal agus an toradh a bhí air sin.

## TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL FUINNEAMH AGUS TAISTEAL

**(Grúpaí amháin)**

**Tugtar aitheantas leis an ngradam do scoth na dtionscnamh fuinnimh agus taistil. Tá an gradam seo oscailte do ghrúpaí pobail agus deonacha a bhfuil tionscnaimh déanta acu chun astaíochtaí fuinnimh agus taistil sa phobal a laghdú.**

Cuimhnigh ar an méid seo agus ainmniúchán á dhéanamh agat:

- Laghdú an spleáchas ar bhreosla iontaise agus ar astaíochtaí CO2
- Nuálaíocht
- Féidearthachtaí an tionscadal a fhás, nó é a dhéanamh arís ag am nó áit eile
- Tionchar ar an bpobal (iompar daoine a athrú, feachtais oideachais srl).
- Buntáistí gaolmhara eile (bithéagsúlacht feabhsaithe/buntáistí sláinte, caighdeán maireachtála srl) de bharr an tionscadail

Luaitear roinnt samplaí anseo, ach is féidir tionscadail eile a bheith i gceist chomh maith:

- Miontionscadail phobail fuinnimh (tionscadail ghaoithe, ghréine srl)
- Iarfheistiú foirgneamh pobail
- Bealaí feabhsaithe siúlóide agus rothaíochta, páirceáil le haghaidh rothar
- Feithiclí agus rothair leictreacha phobail
- Imeachtaí feasachta fuinnimh nó taistil

## TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL ATHÚSÁID, DRAMHAÍL AGUS BRUSCAR

**(Grúpaí amháin)**

**Is féidir le grúpaí pobail agus eagraíochta deonacha a chuireann athúsáid chun cinn agus a choinníonn a gceantar glan cur isteach ar an ngradam seo.**

Cuimhnigh ar an méid seo agus ainmniúchán á dhéanamh agat:

**Tionscnaimh bainistíochta bruscair:**

- Iarracht a dhéantar an áit a choinneáil glan e.g bailiú rialta bruscair nó ag amanna áirithe den bhliain
- Feachtais feasachta a bhaineann le foinsí bruscair sa phobal
- Úsáid a bhaintear as ábhar frithbhruscair ó mywaste.ie
- Teagmháil le daoine sa phobal, scoileanna, gnólachtaí agus eagraíochtaí eile maidir le feasacht agus bainistíocht bhruscair.
- Páirt a ghlactar i bhfeachtais bhruscair amhail glanadh an earraigh nó glanadh ar an trá.

**Tionscnaimh Bainistíochta Bruscair:**

- Cur chun cinn dea-chleachtais bainistíochta bruscair trí mheán imeachtaí nó cainteanna
- Úsáid a bhaintear as ábhar frithbhruscair ó mywaste.ie

**Tionscnaimh a bhaineann le hAthúsáid:**

- Ardáin áitiúla nó náisiúnta ar líne a chur chun cinn, mar shampla zerowaste nó repair my stuff
- Imeachtaí agus scéimeanna chun malartú agus athúsáid earraí a spreagadh
- Seirbhísí deisiúcháin áitiúla a chur chun cinn
- Tionscadail áitiúla dheisiúcháin nó athraithe úsáide

- Obair chun bruscar bia a laghdú
- Scéimeanna múirín áitiúla nó cur chun cinn múiríniú sa bhaile
- Aon scéim eile lena spreagtar daoine earraí a choinneáil in úsáid chomh fada agus is féidir.

## OBAIR AR SON NA nEALAÍON I MAIGH EO

**Tugtar aitheantas leis an nGradam seo don obair a dhéanann daoine aonair agus grúpaí deonacha áitiúla chun na hEalaíona a chothú agus a chur chun cinn sa phobal.**

Is féidir le grúpa ealaíne nó duine aonair ainmniúchán a chur isteach, nó is féidir le daoine aonair grúpaí ealaíne nó daoine eile a ainmniú.

Cuimhnigh ar an méid seo agus ainmniúchán á dhéanamh agat:

- Bí cinnte go gcuireann tú an té nó an grúpa atá á ainmniú agat ar eolas faoin ainmniúchán.
- Déan cur síos ar an obair atá déanta ag an ainmní chun na healaíona a chur chun cinn sa phobal.
- Ná glac leis go mbeidh cur amach ag painéal na moltóirí ar aon duine ar leith nó ar aon ghrúpa. Luaigh buneolas ar nós sampla de phíosa oibre atá déanta cheana nó atá ar bun faoi láthair, éachtaí a baineadh amach go dtí seo srl.
- Déan cur síos ar an tionchar atá ag an duine nó an grúpa ar na healaíona agus ina bpobal féin, an chaoi a dtagann saothar an ainmní le critéir an ghradaim, agus na cúiseanna a bhfuil an gradam seo tuillte ag an ainmní, dar leat.
- Sa chás ina n-ainmnítear grúpa, is gá go mbeadh sé grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Is féidir clárú ag www.mayoppn.ie/join-mayo-ppn.

## COTHÚ AGUS CUR CHUN CINN NA GAEILGE (2 GHRADAM)

**Bronnfar dhá ghradam ar leithligh ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair atá:**
**(i) Ionnaithe sa Ghaeltacht**
**(ii) Ionnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht**

Is féidir le daoine aonair aon duine eile nó grúpa a ainmniú. Féadfaidh grúpaí féinainmniúchán a dhéanamh freisin.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil mar chuid de d’ainmniúchán:

- Céard iad na príomhéachtaí atá bainte amach ag an ngrúpa nó ag an duine ó thaobh na Gaeilge de?
- Cén chaoi a gcuireann an t-ainmní úsáid agus foghlaim na Gaeilge chun cinn?

- Cén nasc a chruthaíonn an t-ainmní le daoine éagsúla sa phobal (daoine scothaosta, daoine lonnaithe i gceantair iargúlta, grúpaí imeallaithe srl) trína gcuid tionscnamh teanga?
- I gcás ainmnithe atá lonnaithe sa Ghaeltacht, cén chaoi a dtacaíonn an t-ainmní le caomhnú na canúna áitiúla agus le seachadadh na Gaeilge sa phobal?

## OBAIR CHUN LEASA AN DIASPÓRA

**(Glactar le hainmniúcháin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí)**

**Tugtar aitheantas leis an ngradam seo do dhaoine nó grúpaí a chuireann le leas mhuintir Mhaigh Eo nó a chuireann cúiseanna a bhaineann leis an gContae chun cinn thar lear.**

Is baill de Chumainn Mhaigh Eo a bheidh sna hainmnithe de ghnáth ach féadfaidh daoine nó grúpaí ainmniúcháin a dhéanamh.

Cuimhnigh ar an méid seo agus ainmniúchán á dhéanamh agat:

- Déan cur síos ar an gcaoi a gcuireann an duine nó grúpa le leas mhuintir Mhaigh Eo nó a chuireann cúiseanna a bhaineann leis an gContae chun cinn thar lear.
- Ná glac leis go mbeidh cur amach ag painéal na moltóirí ar aon duine ar leith nó ar aon ghrúpa. Luaigh buneolas ar nós sampla de phíosa oibre atá déanta cheana nó atá ar bun faoi láthair, éachtaí a baineadh amach go dtí seo srl.
- Déan cur síos ar an tionchar atá ag an duine ina bpobal féin, an chaoi a dtagann obair an ainmní le critéir an ghradaim, agus na cúiseanna a bhfuil an gradam seo tuillte acu, dar leat.

**IS É DÉ HAOINE AN 26 EANÁIR 2024 AN DÁTA DEIRIDH LE hAGHAIDH IARRATAS.**

Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh chuig communications@MayoCoCo.ie nó a chur sa phost chuig:
An Rannóg Cumarsáide, Comhairle Contae Mhaigh Eo, An Dara hUrlár, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo, F23 WF90

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS DHÉANACHA**

**CUIRTEAR CEISTEANNA CHUIG:**

**An Rannóg Cumarsáide**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**
**Áras an Chontae**
**Caisleán an Bharraigh**
**CO MHAIGH EO, F23 WF90**

**communications@MayoCoCo.ie**

**094 906 4000.**

